

**Cruinniú 7: 22 Aibreán i bPobalscoil Naomh Oilibhéar, Droichead Átha**

Tá an Roinn Dlí agus Cirt ag bunú grúpa maoirseachta ardleibhéil i láthair na huaire de réir mar ar tagraíodh dó i ngníomh 1.1 den Phlean Forfheidhmithe.

Rinneadh plé níos doimhne maidir leis an scéal nach bhfuair scoileanna atá ainmnithe i nGníomh 6.1 de Phlean Forfheidhmithe Thuairisc Dhroichead Átha stádas Uirbeach 1 DEIS san athbhreithniú ón Roinn Oideachais le déanaí. Cuireadh in iúl gur seoladh litir thacaíochta ón mBord chuig na scoileanna i ndiaidh an chruinnithe deiridh a bhí againn agus go bhfuil na scoileanna cuí ag ullmhú achomhairc ina leith. Rinne na baill plé ar straitéisí eile a d'fhéadfadh an Bord a úsáid agus aontaíodh go gcuirfí litir ón mBord chuig an Roinn Oideachais ag tagairt don moladh a rinneadh i dtuarascáil Guerin agus go mbeifear ag lorg cruinniú chun tacaíocht a thabhairt do na scoileanna.

Tá cruinniú le baill shinsearacha an Gharda Síochána iarrtha agus sceidealaithe do dheireadh mhí na Bealtaine. Mar chuid den chruinniú seo, beidh cur i láthair ar an tionscnamh See Something Say Something mar atá leagtha amach i ngníomh 2.12 den Phlean Forfheidhmithe.

Rinneadh plé ar leibhéal na seirbhísí meabhairshláinte i nDroichead Átha, go háirithe sna réimsí a bhaineann le féinmharú a chosc agus meabhairshláinte i measc na n-óg. Leanfar ar aghaidh le tuilleadh cainteanna le FSS.

Rinneadh nuashonruithe ar infheistíochtaí suntasacha le gairid agus atá le teacht ag BOOLM i nDroichead Átha a mbeidh áiseanna feabhsaithe pobail, oiliúna agus oideachais ar fud Dhroichead Átha mar thoradh orthu.

Tá Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha, i gcomhpháirtíocht le Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Oirthuaiscirt ag reáchtáil imeacht maidir le Feasacht agus Cosc ar Dhrugaí do sholáthróirí oideachais áitiúla ar an 19 Bealtaine 2022 in Ionad Barbican. Cuirfear cuirí chun freastal amach an tseachtain dar tosach an 25 Aibreán 2022.

Rinne Comhordaitheoir Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha cur i láthair do chomhaltaí líonra Seirbhísí Óige SICAP Chomhpháirtíocht LEADER Dhroichead Átha; rinneadh imeacht leantach a sceidealú don 3 Bealtaine chun níos mó eagraíochtaí a thabhairt le chéile chun amharc ar bhearnaí i soláthar na seirbhíse óige agus d'fhéadfadh tionscnaimh chomhoibríocha a fhorbairt chun tabhairt faoi na bearnaí sin.

Rinneadh plé ar an gCiste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail a foilsíodh le déanaí. Tá foghrúpaí ag amharc ar roinnt tionscnamh féideartha d'fhonn tarraingt anuas a uasmhéadú do thionscnaimh atá bainteach le Droichead Átha.